GX990

OLLSCOIL na hÉIREANN, GAILLIMH

SCRÚDUITHE AN CHÉAD SEIMEASTAIR 2000-2001

SCRÚDUITHE AN B.A.

TÍREOLAÍOCHT

TB328/370 An Tíreolaíocht Eacnamaíoch

ECTS: 2.5

An Dr. D Ó Rathaille
An Dr. Máire Nic Amhlaidh

Am a cheadaítear: 1.5 uair an chloig
Bain úsáid as freagarleabhar ar leith don Pháipéar seo
Dhá cheist le freagairt

1. **Ceachtar de**
(a) "Is foirm den chinnteachas eacnamaíoch í an teoiric nuachlasaiceach suímh ina 'gcinneann' fórsaí geilleagracha an áit a lonnófar monarchana". É seo a phlé go grinn.

Nó

(b) Déan léirmheas, trí shamplaí a thabhairt, ar na príomh-chéimeanna a leantar agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an áit a lonnófar monarchana, mar a dhéanann Hayter (1997) cur síos orthu.

2. "Tá tíreolaíocht nua miondíoltóireachta tagtha chun cinn ó na 1960í i leith" (Marshall agus Wood, 1995). É seo a plé go grinn.

3. Tá trí shainghné a bhaineann le ceantair thionsclaíocha aimsithe ag Scott (1992): (a) comhchruinniú de ghníomhaíochtaí in ionaid ar leith, (b) grúpaí de ghnólachtaí beaga agus de ghnólachtaí meánmhéide agus baint acu le chéile ar bhealaí éagsúla, (c) oibrithe leis na scileanna cuí acu agus iad ar fáil. É seo a phlé, ag tagairt do cheantar ar leith.

4. Tabhair léiriú ar phróiseas an fhorchríochaithe agus ar na torthaí tíreolaíocha a bhíonn air, mar a léiríonn tionscal mótarfheithicile na Seapáine.

5. Deirtear go raibh lochtanna móra ar pholasaí tionsclaíoch na hÉireann ó dheireadh na 1960í go dtí na 1980í. Cé na lochtanna a bhí air, cén chaoi ar leigheasadh iad?